

LEATHANACH 346

Dé Luain, an 30 Márta 2020

Scoil ar an teilifís!

Ón Luan seo, an 30 Márta, beidh clár speisialta ar an teilifís ag craoladh ó 3 sheomra ranga bunscoile. Beidh múinteoirí ag cur an chláir i láthair. Chuir an tAire Oideachais, Joe Mc Hugh fáilte roimh an gclár.

Beidh an clár ar siúl idir 11 agus 12 gach lá i rith na seachtaine agus seans go mbeidh obair bhaile le déanamh. Beidh páistí na tíre in ann an obair bhaile a chur ar líne agus beidh áiseanna agus leathanaigh oibre eile ar fáil ar líne freisin.

Beidh clár eile san iarnóin ina mbeidh an obair ó na páistí le feiceáil.

Má éiríonn go maith leis an gclár, seans go mbeidh sé ar siúl ar feadh tréimhse níos faide gach lá. Tá muid ag súil go mór leis an gclár a fheiceáil gach lá.



Rudaí le déanamh agus tú gafa sa teach

Mar a thuigeann sibh, d'fhógair an Taoiseach, Leo Varadkar, go bhfuil orainn fanacht sa bhaile chun stop a chur leis an gcoróinvíreas. Tá a lán rudaí gur féidir libh a dhéanamh agus sibh gafa sa teach.

Ar ndóigh, tá a lán clár ar fáil sa chartlann ar shuíomh TG4, agus cluichí ar líne bunaithe ar na cláir ar an suíomh Cúla4 (<https://www.cula4.com/ga/>)

Téigí ar cuairt go dtí an zú i mBaile Átha Cliath ar líne ag (www.dublinozoo.ie). Tá ceamraí sa zú agus feicfidh sibh na hainmhithe. Bíonn am lóin ag na piongain ag 2.30 san iarnóin gach lá agus feicfidh sibh é seo beo ar líne. Tá a lán ainmhithe le feiceáil sa zú in San Diego freisin (<https://zoo.sandiegozoo.org/>).

Nó tugaigí cuairt ar ghailearaí ealaíne ar líne, mar shampla, an Louvre i bPáras (<https://www.louvre.fr/en>) nó an Gailearaí Náisiúnta in Washington DC (<https://www.nga.gov/>)

Athrú ar an am!

Tagann athrú ar an am ar an gclog faoi dhó gach bliain. San earrach, ag 2 a.m. bogann an t-am ar aghaidh go 3 a.m. ar an gclog. Ansin san fhómhar, bogann an t-am siar arís.

Thosaigh an cleachtas seo in Éirinn i mí Bealtaine sa bhliain 1916. Ach bhí an smaoineamh ag Benjamin Franklin i bhfad roimhe sin. Sa bhliain 1784, scríobh sé chuig nuachtán agus mhol sé athrú ar an am chun coinnle a shábháil mar nach mbeadh sé dorcha chomh luath sin sa samhradh.

Ceapann daoine go raibh Franklin ag magadh sa litir. Ach an bhliain ina dhiaidh sin, tar éis toghcháin, bhí Benjamin Franklin ina uachtarán ar Mheiriceá.

Nuair a thosaigh an t-athrú ar an am, thaitin sé le daoine áirithe agus níor thaitin sé le daoine eile. Bhí sé go maith do na feirmeoirí, mar bhí lá níos faide acu don obair ar an bhfeirm i rith an tsamhraidh.

Le cúpla bliain anuas, tá tíortha éagsúla ag caint faoin gcleachtas agus d'aontaigh coiste san Aontas Eorpach go mbeadh deireadh leis. Ní raibh vóta faoi i bParlaimint na hEorpa go fóill, ach seans go dtiocfaidh deireadh leis an gcleachtas amach anseo.

